

❖ An Lúibín ❖

28 Feabhra 2018

Tionól Gaeilge in Melbourne

Ar 28 Eánair 2018, in International House (a bhaineann le hOllscoil Melbourne), tháinig chomhthionól le chéile mar chlabhsúr ar dheireadh seachtaine Gaeilge. Os cionn seasca duine as gach cearn a d'fhreastail ar na ranganna agus eile roimhe sin, agus tháinig fiche éigin duine chun an tionóil, cuid acu níos líofa ná a chéile, ach fonn orthu uile tairbhe a bhaint as na cainteanna. Ba chuid suntais í an ócáid sa mhéid gur i nGaeilge ar fad a reáchtáladh í. Tugadh bileog do gach duine agus achroimrí Béarla inti ar an ábhar a bhí le plé.

Ba í Siún Ní Mhaoldomhnaigh (arb as Contae an Chláir di ó dhúchas) an cathaoirleach agus d'fháiltigh an Dr Val Noone, scoláire agus staraí, roimh an lucht éisteachta.

Ba é an Dr Robert Lindsey an chéad chainteoir agus é ag cur síos ar scata náisiúnach Éireannach in Sydney ar cuireadh mídhílseacht ina leith i rith an Chéad Chogadh Domhanda: 'Seachtar in Darlinghurst 1917-1918'. Rinne sé tagairt do staraithé áirithe a shíl nach raibh i seasamh an tseachtair ach eachtra fhánach a ndearna an pobal neamhshuim di. Thaispeáin sé os a choinne sin nach beag an tacaíocht a tugadh dóibh. Tá sé chun leabhar a scríobh faoin scéal.

Ina dhiaidh sin léigh an file agus gearrscéalaí Colin Ryan roinnt dánta dá chuid, cuid acu as a chnuasach *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus cuid eile a foilsíodh ar na hirisí nó nár foilsíodh fós.

Labhair an Dr Dymphna Lonergan ó Ollscoil Adelaide faoin scríbhneoireacht chruthaitheach atá á déanamh aici i nGaeilge agus cur síos aici ar ghearrscéal dá cuid agus ar roinnt aistriúchán. (Tá taighde déanta ag Dymphna ar fhocail Ghaeilge i mBéarla na hAstráile agus ar stair na snoiteán arrachtúil a dtugtar *Sheela na Gig* orthu.)

Thug Marc Ó Conaill (ar Corcaíoch ó dhúchas é) caint dar theideal 'Mo sheanmháthair chríonna - áthas, brón agus bród'. Thug sé léargas suimiúil ar an duine féin agus ar an bpobal ar fáisceadh as í, i saol a bhí bocht go leor ach nach raibh easpa muintearais air.

Ba é an cainteoir deireanach Criostóir Ó Maonaigh, Corcaíoch eile. Thug sé cuntas ar thuras a rinne sé chun na Sceilge roinnt blianta ó shin, cuntas an-suimiúil agus é ag caint ar a dheacra atá sé an t-oileán a bhaint amach agus dul suas ann. Chonaiceamar fiántas na háite agus iarsmaí na manach, agus chualamar scéal nó dhó i dtaobh na dturasóirí.

Cuireadh ceisteanna agus rinneadh cíoradh i ndiaidh gach píosa cainte. Ócáid í ar éirigh go seoigh léi, agus ba mhór an rud do na foghlaimoirí a bhí ann an teanga a chloisteáil á labhairt go nádúrtha sa ghnáthshaol.



An teanga a labhraímid

An té a éistean le Raidió na Life (www.raidionalife.ie), stáisiún i mBaile Átha Cliath, cloiseann sé Gaeilge líofa na cathrach. Í á labhairt ag daoine den ghlúin chéanna atá á tréigean sa Ghaeltacht agus a sainbhlas féin uirthi dá réir. B'fhéidir go ndéarfadh sé leis féin go bhfuil an teanga sábháilte. Bheadh an ceart aige. Ach ní bheadh cách ar aon intinn leis.

Dúramar cheana in áiteanna eile go bhfuil fearann naofa déanta den Ghaeltacht Oifigiúil agus gan baint aici le fíorstaid na teanga. Tá sé áitithe ag Brian Ó Broin, scoláire Gael-Mheiriceánach, gur shíl daoine go raibh féiniúlacht Ghaelach ar leith ag baint le nósanna na gceantar bocht iargúlta toisc gurb iontu sin amháin a bhí

Gaeilge á labhairt.¹ D'fhág an dearcadh seo a rian ar aigne na n-athbheochantóirí agus an rialtais. Míthuisint a bhí ann. Ní hé nach bhfuil a luach féin ag an mbéaloideas agus ag amhránaíocht ar an sean-nós, ach caomhnaíodh thiar iad de bharr na hiargúltaíochta féin.

The collapse of the Gaeltacht is only a disaster in the eyes of those who see its Irish as the only legitimate mode and its culture as the only legitimate expression of Gaelic Irishness. An alternative can be found in the lively Irish-speaking communities of the towns and cities.²

Ní mór a chuimhneamh ó thaobh na staire de go raibh Gaeilge á húsáid ag uasal agus íseal anuas go dtí deireadh an 18ú haois ar a laghad, í le cloisteáil faoin tuath agus sna bailte móra, agus í ina teanga sholúbtha nua-aoiseach ag an gceannaí, scoláire agus dialannaí Amhlaoibh Uí Shúilleabháin sna 1830í i gCo. Chill Chainnigh. Níl baint dhíreach ag an nGaeilge nua cathrach le seanchaint an mbailte móra, ach tá an cúlra stairiúil ann i gcónaí.

Is éard is cúis le cuid mhaith den chaoineadh a chloistear faoi staid na Gaeltachta an nasc a deirtear atá idir an Ghaeltacht agus dúchas ársa barántúil na hÉireann. Nóisean é a ndéanann fiú na ndaoine is lú suim sa teanga géilleadh dó. Ach mar a dúradh cheana, níl sna hairionna is 'barántúla' de chultúr na Gaeltachta ach iarsmaí áirithe de dhúchas níos leithne. Agus ní hionann an Ghaeltacht atá anois ann agus an rud a bhí ann seachtó bliain ó shin – an Ghaeltacht úd a mhaireann fós mar shiombail tar éis bháis di. Éireannach ar bith a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige tá ceangal idir é agus dúchas sinseartha na nGael.

Is fiú féachaint ar fhíseán de chuid YouTube agus caint ann a rinne Breandán Mac Ardghail ag TEDxFulbright i mBaile Átha Cliath. Is é teideal atá uirthi 'Gaeliscoilis -- error-laden pidgin or creative creole?'³ Molann sé beocht agus solúbthacht na canúna nua seo, ach admhaíonn sé gur beag feidhm is féidir a bhaint aisti lasmuigh den scoil. Fiafraíonn sé céard a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi seo. Trí chumas cumadóireachta na ndaltaí a chur á imirt ar staidéar na teanga sa seomra ranga, a deir sé, agus trí iniúchadh a dhéanamh ar conas a thugann na daltaí an Ghaelscoilis leo. Thiocfadh méadú mór ar líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den scoil dá bharr.

Gné amháin den Ghaeilge chathrach is ea an Ghaelscoilis. Ar dhóigh nó ar dhóigh eile tá canúint úr ag nochtadh. Deir Ó Broin féin: 'That this nascent dialect exists at all, however, is proof positive that Irish is growing as a living first and second language in Ireland's urban areas'.⁴

Dearcadh eile fós atá ag Osgur Ó Ciardha, duine díobh siúd atá freagrach as na Pop-Up Gaeltachtaí i mBaile Átha Cliath. Cuireann sé béim ar luach tráchtála na teanga, luach is léir d'úinéirí na mbeár a fháiltíonn roimh na Gaeilgeoirí úd. Maíonn sé nach mór do chainteoirí Gaeilge earnáil nua teanga a bhunú ar an tráchtáil: is beag rud eile a dtugann an saol seo aitheantas dó.⁵

Ach tá daoine ann a thugann faoin nGaeilge leo féin agus a lán acu le fáil lasmuigh d'Éirinn. Éiríonn thar barr le cuid acu. Féach an fear seo ar YouTube: 'Aussie Guy Speaking The Irish Language After 6 Months Of Study' (2012):

<https://www.youtube.com/watch?v=beg4HaLCzqQ>

Má bhí mo dhuine chomh maith sin sa bhliain 2012, bheadh sé i bhfad níos fearr anois, agus sin gan trácht ar a bhfuil de theangacha eile aige. Más foghlaimoír thú, mar sin, coinnigh do mhisneach agus déan do dhícheall. Tiocfaidh toradh air.



¹ Brian Ó Broin, 'The changing Irish language demographic,' *MultiLingual*, April/May 2013, Vol 24, Issue 3.

² *Ibid.*, lch 24.

³ <https://www.youtube.com/watch?v=3kw-of3UBgg>

⁴ *Op. cit.*, lch 27.

⁵ <http://www.thejournal.ie/readme/speaking-irish-even-though-im-surrounded-by-english-its-not-my-language-3720290-Nov2017/>

Teagasc na Gaeilge in Éirinn

Tá Príomhchigire na Roinne Oideachais in Éirinn tar éis tuarascáil a chur amach a deir go bhfuil teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna ag dul in olcas. Nuair a rinneadh meastóireacht idir Eanáir 2013 agus Iúil 2016 ní raibh múineadh agus foghlaim na Gaeilge go han-mhaith nó níos fearr ach in 12% de na bunscoileanna (i gcomórtas le 27% don Bhéarla agus 33% don Mhatamaitic). Ba lú go mór an deis a bhí ag daltaí foghlaim trí chomhrá sa Ghaeilge ná mar a bhí sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic. Tá acmhainní ar fáil ag múinteoirí Gaeilge ach is minic nach mbaineann siad tairbhe astu. Is fearr leo dul i muinín an aistriúcháin.

Tá inní ar eagraíochtaí Gaeilge faoin nganntanas múinteoirí do scoileanna lán-Ghaeilge.⁶ Admhaítear go bhfuil fadhb ann, agus tá fuascailt curtha ar fáil: dhá chúrsa nua oiliúna do mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile a bheidh ag múineadh trí Ghaeilge. Is éard atá i gceist cúrsa B.Ed lánaimseartha ceithre bliana trí Ghaeilge d'ábhar múinteoirí bunscoile agus cúrsa iarchéime páirtaimseartha M.Ed, nó Dioplóma, do bhunmhúinteoirí agus do mhúinteoirí iarbunscoile. Beidh moill ann. B'fhéidir nach mbeadh múinteoirí ón gclár oiliúna ar fáil do gach scoil lán-Ghaeilge go dtí an bhliain 2027.

Faoi láthair níl aon chúrsa a thugann oiliúint i nGaeilge d'ábhar bunmhúinteoirí agus níl ach clár amháin a thugann oiliúint i nGaeilge do mhúinteoirí iarbunscoile, an Mháistreacht Ghairmiúil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ach cuid é seo d'fhadhb níos mó. Le cúig bliana anuas tá titim 60% ar líon na ndaoine atá ag déanamh cúrsaí oiliúna múinteoireachta. Tá a lán múinteoirí ag múineadh ábhair nach bhfuil siad cáilithe chuige. Tá laghdú tagtha ar phá na múinteoirí agus tá costas mór ag gabháil le Máistreacht Gairmiúil an Oideachais.

Is gearr ó scríobh foireann an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas i nGaillimh (an t-aon cheann amháin atá ann faoi láthair) píosa do *Tuairisc.ie* agus iad á rá go bhfuil iarratais don cháilíocht úd ag titim. Sa bhliain 2014 athraíodh na cláir in oideachas tosaigh múinteoirí go cúrsaí máistreachta atá dhá bhliain ar fad. Maítear siad go mbíonn go leor céimithe, fiú iad siúd a bhfuil céim onóracha sa Ghaeilge acu, a mbíonn easpa líofachta orthu, sa teanga scríofa go háirithe.⁷

Cén fáth a roghnódh siad cúrsa oiliúna múinteoirí atá dírithe ar theagasc na scileanna agus saineolas ar fad a theastaíonn chun múineadh i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nuair is féidir leo an cháilíocht chéanna a fháil trí Bhéarla? Ní bhíonn aon difríocht ó thaobh na gcáilíochtaí de, mar bíonn gach múinteoir nuacháilithe cáilithe lena n-ábhair chéime a theagasc in aon scoil dara leibhéal, beag beann ar theanga theagaisc na scoile sin nó ar an gcúrsa oiliúna a roghnaigh sé.

Déanann siad tagairt do 'na heasnaimh maidir le caighdeán theagasc, fhoghlaim, mheasúnú agus ghnóthachtáil na Gaeilge ar fud an chórais'. Déanann siad moltaí: sparánachtaí a chur ar fáil d'ábhar múinteoirí nó laghdú a dhéanamh ar na táillí. Lena chois sin, a deir siad, ba cheart deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe Gaeilge agus do mhúineann trí Ghaeilge, cur lena scileanna litearthachta.

Féach:

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Tuarascáil an Phríomhchigire, Eanáir 2013 - Iúil 2016, Achoimre Fheidhmeach⁸

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Tuarascáil an Phríomhchigire, Eanáir 2013 - Iúil 2016⁹

⁶ <https://tuairisc.ie/tairiscinti-a-lorg-do-dha-chursa-nua-oiliuna-do-mhuinteoiri-a-bheidh-ag-muineadh-tri-ghaeilge/>

⁷ <https://tuairisc.ie/caithfear-diriur-ar-caighdean-gaeilge-na-muinteoiri-faoi-oiliuint-chomh-maith-lena-lion/>

⁸ https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuairisc%C3%AD-Cigireachta-Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Treoir%C3%ADnte-Meast%C3%B3ireachta/insp_chief_inspectors_report_2013_2016_executive_memo_ir.pdf



Grace Harte

Bhí *Grace Harte* ar na drámaí ba shuimiúla a thaispeáin TG4 dúinn sa bhliain 2017. Níl mórán le tairiscint ag TG4 faoi láthair i gcúrsaí drámaíochta: deirtear go bhfuil gaisce le déanamh faoi riail Alan Esslemont, an ceannaire nua, agus córas nua coimisiúnaithe ar bun – tá éileamh anois ag TG4 ar chomhlachtaí léiriúcháin níos téagartha agus gan an oiread sin acu ann. Tíocfaidh toradh éigin air sin, gan dabht, agus súil againn le leithéidí eile *Grace Harte*.

Wildfire Films a rinne an dráma seo,¹⁰ agus is léir go raibh fonn orthu cuma áirithe a chur air: dreach fíneálte aondathach agus dhá bhraistint le haithint air – ceann Eorpach agus ceann a fáisceadh as scannáin chlasaiceacha Mheiriceá. Mar a dúirt an stiurthóir Charlie McCarthy, tá an oiread sin taithí againn ar an saol a fheiceáil i ndathanna go gcuireann radharc aondathach iontas orainn. Fiú na ngnáthláithreán is coitianta – taobh bóthair, stáisiún peitрил, trá – claochlaítear iad. Tá siad inaitheanta ach saghas aisteach.¹¹

Antoine Ó Flatharta a scríobh an script agus plota ag gabháil leis a bhfuil leaganacha de feicthe go minic cheana – bean dheas idir dhá aois atá i bhfeighil óstáin, í míshásta lena fear céile agus cion ag teacht aici ar fhear eile. Leanann éad agus marú é seo.

Is iomaí script atá scríofa ag an bhFlathartach don stáitse agus don scáileán i nGaeilge agus i mBéarla, agus tá eolas na ceirde go maith aige. Tá a rian sin ar an dráma seo – carachtair inchreidte, comhrá inchreidte, cé go ndéarfadh daoine éigin go bhfuil blas bheag den áiféis ar scéalta dá leithéid. Ach is iomaí cor sa saol agus sa scéalaíocht araon.

Chun dráma den saghas seo a chur i bhfeidhm caithfear a chur in iúl, mar a rinneadh sa dráma breá úd *Corp + Anam*, go bhfuil saol ann mar a bhfuil Gaeilge á labhairt go coitianta agus go nádúrtha ag gach aicme. Cur i gcéill, ar ndóigh, ach rud riachtanach ar son an scéil – Éire mar a d'fhéadfadh sí a bheith lá éigin. Éiríonn leis an dráma é sin a dhéanamh.

Ba shuimiúil an rud é dráma Gaeilge nó dhó a bheith suite thar lear, leithéid *An Klondike* (dráma a bhí suite ar an iargúil i gCeanada ach a rinneadh i gConamara). Ná dearmadaimis an tsraith dheas ghrinn *Crisis Eile* ach oiread agus í suite sa Bhruiséil. D'fhéadfaí dráma Gaeilge a chur ar siúl in Sydney nó in Melbourne nó in Nua Eabhrac – agus nach ait an smaoineamh é.

Beidh *Grace Harte* ar ais againn, is dócha, mar athchraoladh – coinnigh súil ar Sheinnteoir TG4.

Antoine Ó Flatharta (script), Martha O'Neill (léiriú), Charlie McCarthy (stiúradh), Dave Grennan (ceamara), Conall de Cléir (eagarthóir); na haisteoirí – Kate Nic Chonaonaigh, Dara Devaney, Eoin Ó Dubhghaill, Bríd Ní Neachtain, Elise Brennan, Sorcha Ní Chéide, Eoin Geoghegan, Colm Mac Giolla Easbuic.



Buairt agus bogás

Is ait an áit í an Astráil: tír atá lán de shaibhreas agus de shuaimhneas le hais a comharsan san Aigéan Ciúin agus san Áise, í éifeachtach agus dea-riartha, pobal oilte inti agus fáilte aici roimh inimirce as gach cearn. Féach an chuid eile den réigiún. Sa Téalainn tá easaontas sóisialta ann agus na ginearál i réim; i Maenmar tá drochíde fhuilteach á tabhairt do mhionlach Muslamach; sna hOileáin Philipíneacha tá an tUachtarán Duterte¹² ag

⁹ https://www.education.ie/ga/Foilseach%20A1in/Tuairisc%20AD-Cigireachta-Foilseach%20A1in/Tuarasc%20A1lacha-Treoir%20ADnte-Meas%20B3ireachta/insp_chief_inspectors_report_2013_2016_ir.pdf

¹⁰ <http://www.wildfirefilms.net/graceharte.htm>

¹¹ <https://www.rte.ie/culture/2017/0926/907698-tg4s-grace-harte-seeing-things-in-dubh-agus-ban/>

¹² Níl mór dúinn ár leithscéal a ghabháil leis an duine uasal céanna as a ainm a mhílitriú cúpla eagrán ó shin mar 'Duerte'.

déanamh éirleach ar andúilithe agus ag maíomh as a ghaisce; sa Chambóid tá rialtas ansmachtúil i gcumhacht agus scrios á dhéanamh ar na coillte agus ar an bhfiadhúlra. Ní hé sin deireadh an liosta. Níl an Astráil gan locht ach ní foláir an chomparáid a dhéanamh.

Ní hé nach bhfuil eolas éigin ag Astrálaigh ar an domhan. Is maith le hAstrálaigh an domhan a shiúl; tá pas ag breis is 50% díobh – i bhfad níos mó ná mar atá ag na Meiriceánaigh, mar shampla. Ach ní fheiceann turasóirí de ghnáth ach na háiteanna a oireann dá leithéidí. Is annamh a fheiceann siad drochscéalta an domhain. Tá Astrálaigh ann, cinnte, nach bhfuil chomh ciontach sin sa bhogás. Ach is furasta géilleadh dó más duine den mheánaicme thú i dtír na sócúlachta.

Tríd an inimirc is mó a bhrúnn an Áise isteach ar an Astráil, agus is iad na Síne an dream is suntasaí. Ná mílte mac léinn as an tSín sna cathracha móra, lucht gnó ón tSín ag ceannach tithe in Sydney agus Melbourne, scéalta faoi uisce faoi thalamh a bheith á dhéanamh ag rialtas na Síne i measc na Síneach anseo. An Áise ag teacht i gcoinne na hAstráile agus an Astráil idir dhá chomhairle faoi conas ciall a bhaint as an scéal, cé nach deacair teangacha Áiseacha agus eile a chloisteáil agus a fheiceáil i sráideanna na mórchathracha.

Moltar ó am go chéile go ndéanfaí tréan-iarracht ar theangacha Áiseacha a mhúineadh le héifeacht sna scoileanna – Indinéisís, Seapáinis agus Sínis go háirithe – agus ar eolas cruinn a fháil ar chultúr na gcomharsan. Is maith an chomhairle í ach ní dócha go gcuirfear i bhfeidhm lenár linn í. Tá teangacha Áiseacha á múineadh ag an dara leibhéal, cinnte, ach níl mórán daltaí á bhfoghlaim. Ach tá dúil an domhain againn i mbia na dtíortha Áiseacha, pé neamhspéis a dhéanaimid de ghnéithe eile den scéal. Tús maith nó deireadh gnó.

Idir an dá linn caithfear a bheith sásta leis an Astráil mar atá sí: tír ilghnéitheach, tír aonchineálach, tír shocúlach, tír atá ag iarraidh í féin a aithint.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

